AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2024
COM(2024) 454 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar fheidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus na hithreach go háirithe, nuair a úsáidtear sloda séarachais sa talmhaíocht, Threoir 94/62/CE an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, Threoir 2000/53/CE an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir le loingsithe dramhaíola, Threoir 2006/66/CE an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus Threoir 2008/98/CE an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

ar fheidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus na hithreach go háirithe, nuair a úsáidtear sloda séarachais sa talmhaíocht, Threoir 94/62/CE an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, Threoir 2000/53/CE an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir le loingsithe dramhaíola, Threoir 2006/66/CE an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus Threoir 2008/98/CE an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl

1. Réamhrá

Tugadh de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana, dar tús an 4 Iúil 2018, faoi na hairteagail seo a leanas:

a) Airteagal 15a(2), an chéad abairt, de Threoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus na hithreach go háirithe, nuair a úsáidtear sloda séarachais sa talmhaíocht[1],
b) Airteagal 21a(2), an chéad abairt, de Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht[2],
c) Airteagal 9a(2), an chéad abairt, de Threoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite[3],
d) Airteagal 38a(2), an chéad abairt, de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe[4].

Faoi Airteagal 58a(2), an chéad abairt, de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola[5], agus faoi Airteagal 23a(2), an chéad abairt, de Threoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola[6], tugadh de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 17 Iúil 2014 agus an 30 Nollaig 2013, faoi seach.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. Déanfar tarmligean na

1 IO L 181, 4.7.1986, lch. 6.
2 IO L 365, 31.12.1994, lch. 10.
3 IO L 269, 21.10.2000, lch. 34.
4 IO L 312 22.11.2008, lch. 3.
5 IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.
6 IO L 266, 26.9.2006, lch. 1.

cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Glacadh tuarascálacha ar fheidhmiú na gcumhachtaí faoi Rialachán (CE) 1013/2006 agus faoi Threoir 2006/66/CE an 22 Samhain 2018[7] agus an 14 Bealtaine 2018[8], faoi seach. Ós rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle i gcoinne cumhachtú an Choimisiúin a fhadú, rinneadh tarmligean na cumhachta chuig an gCoimisiún a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhse chomhfhaid dar tús an 17 Iúil 2019 agus an 30 Nollaig 2018.

Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar ghníomhaíocht an Choimisiúin sa tréimhse dar tús an 4 Iúil 2018, an 17 Iúil 2019, agus an 30 Nollaig 2018, faoi seach.

2. Treoir 86/278/CEE

Le Treoir 86/278/CEE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 15a, chun na hIarscríbhinní a leasú agus a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, cé is moite de na paraiméadair agus na luachanna a liostaítear in Iarscríbhinní I A, I B agus I C, aon fhachtóir ar dóigh go mbeadh tionchar aige ar mheastóireacht na luachanna sin, agus na paraiméadair le haghaidh anailíse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II A agus in Iarscríbhinn II B.

2.1. Tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, níor bhain an Coimisiún úsáid as na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó faoi Threoir 86/278/CEE. Níor cuireadh aon cheann de na hIarscríbhinní thuasluaite in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht a rinneadh in 2023[9] ar an Treoir gur ghá an Treoir a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil is déanaí (go háirithe maidir leis an tacar truailleán atá le cumhdach agus a dteorainnluachanna iomchuí). Téann sé sin thar an gcumhachtú atá ann faoi láthair in Airteagal 15a áfach.

3. Treoir 94/62/CE

Le Treoir 94/62/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 21a, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na coinníollacha a chinneadh ar fúthu nach mbeidh feidhm ag suim na leibhéal tiúchana luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh atá i bpacáistíocht a shonraítear in Airteagal 11(1) maidir le hábhair athchúrsáilte agus le lúba táirge atá i slabhra atá iata agus rialaithe, chomh maith leis na cineálacha pacáistíochta a chinneadh atá díolmhaithe ón gceanglas maidir le cion na miotal trom

[7] COM(2018)762 final.
[8] COM(2018) 266 final.
[9] SWD/2023/0157 final.

sin i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta a leagtar síos sa tríú fleasc d'Airteagal 11(1), dá bhforáiltear in Airteagal 11(3);

- na samplaí léiritheacha a leasú le haghaidh an tsainmhínithe ar phacáistíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I, dá bhforáiltear in Airteagal 19(2);
- an Treoir a fhorlíonadh i gcás inar gá chun déileáil le haon deacracht a bhaineann lena forálacha a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le hábhair thámha phacáistíochta a chuirtear ar an margadh i gcainníochtaí an-bheag (i.e. tuairim is 0,1 % de réir meáchain) san Aontas, maidir le príomh-phacáistíocht le haghaidh feistí leighis agus táirgí cógaisíochta, maidir le pacáistíocht bheag agus maidir le só-phacáistíocht, dá bhforáiltear in Airteagal 20.

Thángthas ar chomhaontú maidir leis an togra le haghaidh Rialachán nua[10] maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht an 4 Márta 2023 agus d'fhormheas na comhreachtóirí go sealadach é. Tá na cumhachtuithe atá ann faoi láthair i dTreoir 94/62/CE fós ábhartha agus ba cheart iad a choinneáil ar bun go dtí go dtiocfaidh an Rialachán nua i bhfeidhm, rud a mheastar a tharlóidh in 2025.

3.1. Tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, níor bhain an Coimisiún úsáid as na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó faoi Threoir 94/62/CE. Mar sin féin, glacadh gníomhartha ón gCoimisiún sna réimsí a chumhdaítear le tarmligean na gcumhachtaí roimh an tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-chumhachtuithe roimh an athbhreithniú ar an Treoir in 2018[11], mar a shonraítear thíos.

3.1.1. Díolúintí ó shrianta ar mhiotail throma i bpacáistíocht

De bhun Airteagal 11(1) de Threoir 94/62/CE, áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh suim na leibhéal tiúchana luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh atá i bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistíochta thar 100 csm de réir meáchain.

De réir iar-Airteagal 11(3) de Threoir 94/62/CE, cinnfidh an Coimisiún na coinníollacha ar fúthu nach mbeidh feidhm ag na leibhéil tiúchana dá dtagraítear in Airteagal 11(1) maidir le hábhair athchúrsáilte agus lúba táirge atá i slabhra atá iata agus rialaithe, chomh maith leis na cineálacha pacáistíochta atá díolmhaithe ón gceanglas a leagtar síos sa tríú fleasc d'iar-Airteagal 11(3).

Áirítear na cinntí seo a leanas sna cinntí ón gCoimisiún a glacadh bunaithe ar iar-Airteagal 11(3):

1) Cinneadh 2001/171/CE ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2001 lena leagtar síos na coinníollacha maidir le maolú le haghaidh pacáistíocht ghloine i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotail throm a leagtar síos le Treoir 94/62/CE[12];

[10] COM/2022/677 final.

[11] Treoir (AE) 2018/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 150, 14.6.2018, lch. 141).

[12] IO L 62, 2.3.2001, lch. 20.

2) Cinneadh 2006/340/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 lena leasaítear Cinneadh 2001/171/CE ón gCoimisiún chun síneadh a chur le bailíocht na gcoinníollacha maidir le maolú le haghaidh pacáistíocht ghloine i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotail throm a leagtar síos le Treoir 94/62/CE[13];
3) Cinneadh 2009/292/CE ón gCoimisiún an 24 Márta 2009 lena leagtar síos na coinníollacha maidir le maolú le haghaidh cliathbhoscaí plaisteacha agus pailléid phlaisteacha i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotail throm a leagtar síos le Treoir 94/62/CE[14].

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá na cinntí thuasluaite a leasú, ná gníomhartha nua a ghlacadh sa réimse sin.

3.1.2. Leasú ar shamplaí léiritheacha le haghaidh an tsainmhínithe ar phacáistíocht

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 94/62/CE liostaítear samplaí léiritheacha de chur i bhfeidhm na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 3(i)-(iii) lena gcomhlánaítear an sainmhíniú ar phacáistíocht a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Treoir. Le hAirteagal 19(2) tugtar de chumhacht don Choimisiún an liosta samplaí léiritheacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a leasú.

D'fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht sin trí Threoir 2013/2/AE ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2013 a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 94/62/CE[15].

3.1.3. An Treoir a fhorlíonadh chun déileáil le haon deacracht a bhaineann le forálacha na Treorach a chur i bhfeidhm

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá úsáid a bhaint as an gcumhacht tharmligthe faoin bhforáil seo. D'fhéadfadh sé, áfach, gur ghá Treoir 94/62/CE a fhorlíonadh amach anseo trí aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí praiticiúla a bhaineann le hábhair thámha phacáistíochta a chuirtear ar an margadh i gcainníochtaí an-bheag, príomh-phacáistíocht le haghaidh feistí leighis agus táirgí cógaisíochta, pacáistíocht bheag agus só-phacáistíocht, agus ar an ábhar sin ba cheart an cumhachtú a choinneáil ar bun go dtí go dtiocfaidh Rialachán nua i bhfeidhm.

4. Treoir 2000/53/CE

Le Treoir 2000/53/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Iarscríbhinn II a leasú chun í a oiriúnú i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, de bhun Airteagal 4(2)(b)(i-iv), dá bhforáiltear in Airteagal 4(2)(b);
- íoscheanglais a leagan síos maidir leis an deimhniú um scriosadh, dá bhforáiltear in Airteagal 5(5);

[13] IO L 125, 12.5.2006, lch. 43.
[14] IO L 79, 25.3.2009, lch. 44.
[15] IO L 37, 8.2.2013, lch. 10.

- Iarscríbhinn I a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, dá bhforáiltear in Airteagal 6(6);
- caighdeáin chódúcháin maidir le comhpháirteanna agus ábhar a leagan síos, go háirithe chun sainaithint na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar sin atá oiriúnach lena n-athúsáid agus lena n-aisghabháil a éascú, ar comhpháirteanna agus ábhair iad a bheidh le húsáid ag táirgeoirí, in éineacht le monaróirí ábhair agus trealaimh, dá bhforáiltear in Airteagal 8(2).

Glacadh togra le haghaidh Rialachán nua maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite[16] an 13 Iúil 2023 agus tá sé á phlé faoi láthair sa ghnáthnós imeachta reachtach. Tá na cumhachtuithe atá ann faoi láthair i dTreoir 2000/53/CE fós ábhartha agus ba cheart iad a choinneáil ar bun go dtí go dtiocfaidh an Rialachán nua i bhfeidhm.

4.1. Tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil, ghlac an Coimisiún trí ghníomh tharmligthe lena modhnaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2000/53/CE ina liostaítear díolúintí ó raon feidhme a cur i bhfeidhm.

4.1.1. Leasuithe ar Iarscríbhinn II

De réir Airteagal 4(2)(a) de Threoir 2000/53/CE, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh luaidhe, mearcair, caidmiam ná cróimiam heicsifhiúsach in ábhair ná i gcomhpháirteanna feithiclí a chuirtear ar an margadh tar éis an 1 Iúil 2003 seachas sna cásanna a liostaítear in Iarscríbhinn II faoi na coinníollacha a shonraítear inti.

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo[17], ghlac an Coimisiún trí ghníomh tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinn II:

1) Treoir Tharmligthe (AE) 2020/362 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2000/53/CE a mhéid a bhaineann leis an díolúine le haghaidh cróimiam heicsifhiúsach mar oibreán frithchreimthe den chóras fuaraithe cruach carbóin i gcuisneoirí ionsúcháin i mótarcharbháin[18];
2) Treoir Tharmligthe (AE) 2020/363 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2000/53/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí áirithe le haghaidh luaidhe agus comhdhúile luaidhe i gcomhpháirteanna[19]; agus
3) Treoir Tharmligthe (AE) 2023/544 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoir 2000/53/CE a mhéid a bhaineann leis na díolúintí maidir le húsáid luaidhe i gcóimhiotail alúmanaim chun críoch meaisínithe, i gcóimhiotail chopair agus i gceallraí áirithe[20].

[16] COM/2023/451 final.
[17] D'úsáid an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar dó ina leith sin roinnt uaireanta roimh thús na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo.
[18] IO L 67, 5.3.2020, lch. 116.
[19] IO L 67, 5.3.2020, lch. 119.
[20] IO L 73, 10.3.2023, lch. 5.

4.1.2. Íoscheanglais a leagan síos maidir leis an deimhniú um scriosadh

De réir Airteagal 5(3) de Threoir 2000/53/CE, bunóidh na Ballstáit córas ar dá réir is coinníoll é deimhniú um scriosadh a thíolacadh chun feithiclí a bhfuil a ré caite a dhíchlárú.

Sa tréimhse roimh an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-Airteagal 5(5) de Threoir 2000/53/CE, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2002/151/CE ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2002 maidir le híoscheanglais le haghaidh an deimhnithe um scriosadh arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Threoir 2000/53/CE[21].

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá an gníomh seo a leasú ná gníomh nua a ghlacadh.

4.1.3. Leasú ar Iarscríbhinn I

Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2000/53/CE leagtar síos íoscheanglais theicniúla maidir le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite.

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá úsáid a bhaint as an gcumhacht tharmligthe faoin bhforáil seo. D'fhéadfadh sé gur ghá Iarscríbhinn I a leasú amach anseo áfach agus dá bhrí sin, ba cheart an cumhachtú a choinneáil ar bun go dtí go dtiocfaidh an Rialachán nua i bhfeidhm.

4.1.4. Caighdeáin chódúcháin a leagan síos maidir le comhpháirteanna agus ábhar

De réir Airteagal 8(1) de Threoir 2000/53/CE, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go n-úsáidfidh táirgeoirí i gcomhar le monaróirí ábhair agus trealaimh, caighdeáin chódúcháin maidir le comhpháirteanna agus ábhar, go háirithe chun sainaithint na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar sin atá oiriúnach lena n-athúsáid agus lena n-aisghabháil a éascú.

De bhun Airteagal 8(2) de Threoir 2000/53/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir a fhorlíonadh trí na caighdeáin sin a leagan síos.

Sa tréimhse roimh an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-Airteagal 8(2) de Threoir 2000/53/CE, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2003/138/CE ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2003 lena leagtar síos caighdeáin chódúcháin maidir le comhpháirteanna agus ábhar le haghaidh feithiclí de bhun Threoir 2000/53/CE[22].

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá an gníomh seo a leasú ná gníomh nua a ghlacadh.

5. Rialachán (CE) 1013/2006

Tá an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989, ar coinbhinsiún é lena gcosnaítear sláinte an duine agus an comhshaol ar éifeachtaí díobhálacha dramhaíolacha guaiseacha. Le Rialachán (CE) 1013/2006 déantar an Coinbhinsiún seo a thrasuí i ndlí an

[21] IO L 50, 21.2.2002, lch. 94.
[22] IO L 53, 28.2.2003, lch. 58.

Aontais. Leis an Rialachán, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 58, chun an méid seo a leanas a leasú:

- Iarscríbhinní IA, IB, IC, II, III, IIIA, IIIB, IV, V, VI agus VII chun na hathruithe a comhaontaíodh faoi Choinbhinsiún Basel agus faoi Chinneadh ECFE[23] a chur san áireamh;
- Iarscríbhinn V chun athruithe ar an liosta dramhaíola a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2008/98/CE a chur san áireamh;
- Iarscríbhinn VIII chun cinntí a rinneadh faoi choinbhinsiúin agus faoi chomhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta a chur san áireamh.

Glacadh Rialachán nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) 2024/1157 maidir le loingsithe dramhaíola an 11 Aibreán 2024[24]. Tá na cumhachtuithe atá ann faoi láthair i Rialachán (CE) 1013/2006 ábhartha i gcónaí agus ba cheart iad a choinneáil ar bun fad a bheidh feidhm ag an Rialachán sin.

5.1. An tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní IC, III, IIIA, IV, V, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006[25] chun na hathruithe ar na hiontrálacha maidir le dramhaíl phlaisteach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Basel a chur san áireamh.

6. Treoir 2006/66/CE

Le Treoir 2006/66/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 23a(2), d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- critéir a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar choinníollacha coibhéiseacha le haghaidh athchúrsáil ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola a tharlaíonn lasmuigh den Aontas, dá bhforáiltear in Airteagal 15(3), chun na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a fhorlíonadh;
- rialacha mionsonraithe a leagan síos lena bhforlíontar an ceanglas maidir le toilleadh ceallraí agus taisc-cheallraí inaistrithe agus gluaisteán a léiriú orthu i bhfoirm shofheicthe, inléite agus dhoscriosta, dá bhforáiltear in Airteagal 21(2);
- díolúintí a dheonú ó cheanglais maidir le lipéadú a leagtar amach in Airteagal 21, dá bhforáiltear in Airteagal 21(7).

Aisghaireadh Treoir 2006/66/CE le Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[26] le héifeacht ón

[23] Cinneadh C(2001)107/Final ó Chomhairle ECFE.
[24] IO L, 2024/1157, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1157/oj.
[25] IO L 433, 22.12.2020, lch. 11.
[26] IO L 191, 28.7.2023, lch. 1.

18 Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, ní dócha go bhfeidhmeoidh an Coimisiún aon chumhachtú ón Treoir seo amach anseo.

6.1. Tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, níor bhain an Coimisiún úsáid as na cumhachtaí tarmligthe a tugadh dó faoi Threoir 2006/66/CE. Mar sin féin, glacadh gníomhartha ón gCoimisiún sna réimsí a chumhdaítear leis an tarmligean cumhachtaí roimh an tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo.

6.1.1. Critéir chun measúnú a dhéanamh ar choinníollacha coibhéiseacha le haghaidh athchúrsáil ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola a tharlaíonn lasmuigh den Aontas

De bhun Airteagal 15(1) de Threoir 2006/66/CE, féadfar cóireáil a dhéanamh lasmuigh den Bhallstát lena mbaineann nó lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil loingsiú na gceallraí dramhaíola agus na dtaisc-cheallraí dramhaíola i gcomhréir le Rialachán (CE) 1013/2006. De réir Airteagal 15(2), ní áireofar ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola a onnmhairítear amach as an Aontas de bhun dlíthe faoi leith faoi chomhair chomhlíonadh na n-oibleagáidí agus na n-éifeachtúlachtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo ach amháin má tá fianaise fhónta ann gur tharla an oibríocht athchúrsála faoi dhálaí atá coibhéiseach le ceanglais na Treorach seo. Bhí an Coimisiún i dteideal rialacha mionsonraithe a leagan síos lena bhforlíontar na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 15(2), go háirithe critéir chun measúnú a dhéanamh ar choinníollacha coibhéiseacha dá dtagraítear ann.

Ós rud é go bhforáiltear le Rialachán nuaghlactha (AE) 2024/1157 rialacha maidir le critéir a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar choinníollacha coibhéiseacha le haghaidh cóireáil dramhaíola lasmuigh den Aontas, níor glacadh gníomh tarmligthe faoi Threoir 2006/66/CE.

6.1.2. Rialacha mionsonraithe lena bhforlíontar an ceanglas maidir le toilleadh ceallraí agus taisc-cheallraí inaistrithe agus gluaisteáin a léiriú orthu

De réir Airteagal 21(2) de Threoir 2006/66/CE, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar toilleadh gach ceallra agus taisc-cheallra inaistrithe agus gluaisteáin a léiriú orthu i bhfoirm shofheicthe, inléite agus dhoscriosta faoin 26 Meán Fómhair 2009. Tá an Coimisiún i dteideal gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun an ceanglas sin a fhorlíonadh.

Sa tréimhse roimh an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-Airteagal 21(2) den Treoir seo, ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) Uimh. 1103/2010 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2010 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2006/66/CE, rialacha maidir le lipéadú toillte ar cheallraí agus taisc-cheallraí inaistrithe tánaisteacha (in-athluchtaithe) agus gluaisteáin[27].

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá an gníomh seo a leasú ná gníomh nua a ghlacadh.

6.1.3. Díolúintí a dheonú ó cheanglais lipéadaithe

[27] IO L 313, 30.11.2010, lch. 3.

De réir Airteagal 21(7) de Threoir 2006/66/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun díolúintí a dheonú ó na ceanglais lipéadaithe a leagtar amach in Airteagal 21.

Sa tréimhse roimh an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-Airteagal 21(7) den Treoir seo, ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) Uimh. 1103/2010 ón gCoimisiún.

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá an gníomh seo a leasú ná gníomh nua a ghlacadh.

7. Treoir 2008/98/CE

Le Treoir 2008/98/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 38a, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- liosta de dhramhaíl a leagan síos agus a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus (3) dá bhforáiltear in Airteagal 7(1);
- modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta a leagan síos chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach, dá bhforáiltear in Airteagal 9(8);
- rialacha a leagan síos maidir le meáchan na n-ábhar nó na substaintí a bhaintear tar éis oibríocht sórtála agus nach ndéantar athchúrsáil orthu ina dhiaidh sin a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú, bunaithe ar mheánrátaí caillteanais don dramhaíl shórtáilte, dá bhforáiltear in Airteagal 11a(10);
- íoschaighdeáin theicniúla a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí cóireála, lena n-áirítear dramhaíl a shórtáil agus a athchúrsáil, ar gníomhaíochtaí cóireála iad nach mór ceadúnas a fháil ina leith de bhun Airteagal 23 i gcás ina bhfuil fianaise ann go rachadh na híoschaighdeáin sin chun tairbhe do chosaint shláinte an duine agus do chosaint an chomhshaoil, dá bhforáiltear in Airteagal 27(1);
- na híoschaighdeáin a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí bunaíochtaí nó gnóthas a bhailíonn nó a iompraíonn dramhaíl ar bhonn gairmiúil chomh maith le gníomhaíochtaí déileálaithe nó bróicéirí, ar gá clárú ina leith i gcás ina bhfuil fianaise ann go rachadh na híoschaighdeáin sin chun tairbhe do chosaint shláinte an duine agus do chosaint an chomhshaoil nó go gcabhróidís le suaitheadh sa mhargadh inmheánach a sheachaint, dá bhforáiltear in Airteagal 27(4);
- pointe R1 d'Iarscríbhinn II a leasú trí chur i bhfeidhm na foirmle maidir le gléasraí loiscthe dá dtagraítear inti a shonrú, dá bhforáiltear in Airteagal 38(2);
- Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a leasú i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil, dá bhforáiltear in Airteagal 38(3).

7.1. Tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe amháin maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach.

7.1.1. Liosta de dhramhaíl a leagan síos agus a athbhreithniú

De bhun Airteagal 7(1) de Threoir 2008/98/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos agus lena n-athbhreithnítear liosta de dhramhaíl i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal sin.

Roimh an tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-Airteagal 7(1) de Threoir 2008/98/CE, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE maidir leis an liosta de dhramhaíl de bhun Threoir 2008/98[28].

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá an gníomh seo a leasú ná gníomh nua a ghlacadh.

7.1.2. Modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta a leagan síos chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach

De réir Airteagal 9(8) de Threoir 2008/98/CE, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena leagfar síos modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach. An 3 Bealtaine 2019, ghlac an Coimisiún Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2008/98/CE a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chomhchoiteann agus íoscheanglais cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach[29].

7.1.3. Rialacha a leagan síos maidir le meáchan na n-ábhar nó na substaintí a bhaintear tar éis oibríocht sórtála agus nach ndéantar athchúrsáil orthu ina dhiaidh sin a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú, bunaithe ar mheánrátaí caillteanais don dramhaíl shórtáilte

De bhun Airteagal 11(10) de Threoir 2008/98/CE, faoin 31 Márta 2019, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena leagfar síos rialacha maidir le meáchan na n-ábhar nó na substaintí a bhaintear tar éis oibríocht sórtála agus nach ndéantar athchúrsáil orthu ina dhiaidh sin a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú, bunaithe ar mheánrátaí caillteanais don dramhaíl shórtáilte.

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2021, ach rinne an Chomhairle agóid ina choinne an 13 Nollaig 2021[30].

7.1.4. Íoschaighdeáin theicniúla a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí cóireála

De réir Airteagal 27(1) de Threoir 2008/98/CE, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir a fhorlíonadh trí íoschaighdeáin theicniúla a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí cóireála, lena n-áirítear dramhaíl a shórtáil agus a athchúrsáil, ar gníomhaíochtaí iad nach mór ceadúnas a fháil ina leith, i gcás ina bhfuil fianaise ann go rachadh na híoschaighdeáin sin chun tairbhe do chosaint shláinte an duine agus do chosaint an chomhshaoil.

---

[28] IO L 370, 30.12.2014, lch. 44.
[29] IO L 248, 27.9.2019, lch. 77.
[30] Sonraí faoin ngníomh tarmligthe - Clár na ngníomhartha tarmligthe (europa.eu)

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá úsáid a bhaint as an gcumhacht tharmligthe faoin bhforáil seo.

7.1.5. Íoschaighdeáin a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le bailiú agus iompar dramhaíola ar bhonn gairmiúil agus le gníomhaíochtaí déileálaithe nó bróicéirí

De bhun Airteagal 27(4) de Threoir 2008/98/CE, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir a fhorlíonadh trí na híoschaighdeáin a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí bunaíochtaí nó gnóthas a bhailíonn nó a iompraíonn dramhaíl ar bhonn gairmiúil chomh maith le gníomhaíochtaí déileálaithe nó bróicéirí, i gcás ina bhfuil fianaise ann go rachadh na híoschaighdeáin sin chun tairbhe do chosaint shláinte an duine agus do chosaint an chomhshaoil nó go gcabhróidís le suaitheadh sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá úsáid a bhaint as an gcumhacht tharmligthe faoin bhforáil seo.

7.1.6. Leasú ar phointe R1 d'Iarscríbhinn II

De réir Airteagal 38(2) de Threoir 2008/98/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir a leasú trí shonrú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na foirmle maidir le gléasraí loiscthe dá dtagraítear i bpointe R1 d'Iarscríbhinn II. In Iarscríbhinn II tá liosta d'oibríochtaí aisghabhála, arb é R1 ceann amháin díobh, ar a dtugtar 'Úsáid go príomha mar bhreosla nó mar mhodh eile chun fuinneamh a ghiniúint'.

Sa tréimhse roimh an tuarascáil seo, bunaithe ar iar-Airteagal 38(1) de Threoir 2008/98/CE, ghlac an Coimisiún Treoir (AE) 2015/1127 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2015 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/98/CE[31].

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá an gníomh seo a leasú ná gníomh nua a ghlacadh.

7.1.7. Leasú ar Iarscríbhinn IV agus ar Iarscríbhinn V

De bhun Airteagal 38(3) de Threoir 2008/98/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a leasú i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Tá samplaí in Iarscríbhinn IV de bhearta coiscthe dramhaíola, agus is tábla comhghaoil í Iarscríbhinn V.

Níor shainaithin an Coimisiún gur gá úsáid a bhaint as an gcumhacht tharmligthe faoin bhforáil seo.

8. Conclúidí

Sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó le Treoir 2000/53/CE agus le Treoir 2008/98/CE agus le

[31] IO L 184, 11.7.2015, lch. 13.

Rialachán (CE) 1013/2006. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.